Níl iontu seo ach samplaí. Cuimhnigh le do thoil má mhaíonn tú coinbhleacht leasa nach ionann sin is a rá nach gceapfar thú. Ba chóir duit breathnú go cúramach ar do chás féin lena chinntiú cé acu an fíorchoinbhleacht nó coinbhleacht mheabhairbhraite atá i gceist agus ba chóir duit a bheith réidh leis an cheist a phlé leis an phaineál roghnóireachta ag an agallamh.

Fiú mura gceapann tú go bhfuil aon choinbhleacht leasa i gceist i do chás-sa ceisteofar thú faoi seo má chuirtear agallamh ort.

Ionracas
Ba chóir go dtuigfeadh duine ar bith atá ag cur isteach ar cheapachán poiblí prionsabal an ionracais agus ba chóir dó/di a bheith tiomanta dó. Ceisteofar thú faoi seo ag an agallamh.

CPANI
The Commissioner
for Public Appointments
Northern Ireland

Teil: 028 905 24820
Ríomhphost: info@publicappointmentsni.org

CPANI

The Commissioner
for Public Appointments
Northern Ireland

Ó Felicity Huston,
An Coimisinéir um Cheapacháin Phoiblí Thuaisceart Éireann

Go raibh maith agat as an spéis atá léirithe agat sa cheapachán seo.

Tá ról an-tábhachtach ag comhlachtaí poiblí inár saolta uile, m.sh, cuidíonn siad leis an tSeirbhís Náisiúnta Sláinte (NHS) a reáchtáil, eagraíonn siad ár seirbhísí oideachais agus cuireann comhairle ar an rialtas faoin dóigh ar chóir dúinn aire a thabhairt dár séadchomhartha ársa. Tugtar go coitianta *ceapacháin phoiblí* ar cheapacháin ar bhoird chomhlachtaí poiblí.

Is Airí Rialtais aonair a dhéanann na ceapacháin. Má shocraíonn tú ar iarratas a chur isteach ar cheapachán poiblí is iad na státseirbhísigh sa Roinn chuí a láimhseálfaidh riar d'iarratais. Ó am go chéile is féidir go láimseálfaidh comhairleoir earcaíochta an próiseas seo. Cibé duine a láimhseálann an iomaíocht, is mé féin mar Choimisinéir um Cheapacháin Phoiblí Thuaisceart Éireann a dhéanann maoirseacht. Rialálaim an próiseas ach ní bhíonn baint agam le hiomaíochtaí aonair.

Ní mór do Ranna mo Chód Cleachtais um Cheapacháin Aireachta ar Chomhlachtaí Poiblí a leanúint lena chinntiú go ndéantar ceapacháin de réir tuillteanais, i ndiaidh iomaíocht chothrom agus oscailte. Clúdaíonn an Cód Cleachtais ceapacháin Aireachta ar réimse leathan de bhoird agus de chomhlachtaí poiblí. Is féidir liosta iomlán a fháil ónár láithreán Gréasáin. Tá mo Chód Cleachtais ann fosta ag www.publicappointmentsni.org

Gearán a Dhéanamh

Cad é ba chóir duit a dhéanamh má shíleann tú, i ndiaidh cur isteach ar cheapachán poiblí, nár caitheadh mar is ceart leat?

Mise atá freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar ghearáin faoi cheapacháin phoiblí. Fiosróidh mé an próiseas ar baineadh úsáid as le ceapachán a dhéanamh nó an dóigh ar láimhseáladh iarratas. Ní féidir liom iniúchadh a dhéanamh ar an dóigh a reáchtáltar comhlacht ná ar ghníomhaíochtaí a chuid ball.
Má cheapann tú gur mhaith leat gearán a dhéanamh ba chóir duit ar dtús d'ábhar imní a thógáil leis an Roinn chuí. Mura mbíonn tú sásta go fóill, i ndiaidh duit freagra a fháil, tig leat teagmháil a dhéanamh liom ag an seoladh thíos:

An Coimisinéir um Cheapacháin Phoiblí Thuaisceart Éireann
Dundonald House, Annexe B,
Bóthar Bhaile Nua na hArda Íochtair, Béal Feirste, BT4 3SB
Teil: 028 905 24820 Ríomhpost:
info@publicappointmentsni.org

Treoracha ar Choinbhleachtaí Leasa agus Ionracas

Mar chuid den phróiseas measúnachta ar cheapachán poiblí fiafrófar díot an bhfuil tú eolach ar choinbhleachtaí leasa a d'fhéadfadh a bheith ann maidir leis an cheapachán sin. Ní i gcónaí a bhíonn coinbhleachtaí leasa mar bhac ar cheapachán. Ní mór don phainéal roghnóireachta, áfach, fíorchoinbhleachtaí agus coinbhleachtaí meabhairbhraite a iniúchadh lena chinntiú gur féidir leis an phobal muinín a bheith aige i neamhspleáchas agus i neamhchlaontacht an bhoird agus sa seasamh atá agat ar an bhord sin.

Le barúil a thabhairt duit faoin mhéid a d'fhéadfadh a bheith ina choinbhleacht leasa, seo roinnt samplaí de réimsí áirithe a d'fhéadfadh fíorchoinbhleacht nó coinbhleacht mheabhairbhraite a chruthú:

- tá tú i do stiúrthóir ar ghnólacht foirgníochta agus is minic a thugann an bord ar a bhfuil tú ag iarraidh bheith ceaptha faoi imeachtaí soláthair d'ábhair foirgníochta - *thiocfadh leat leas pearsanta a bhaint as na cinntí a ghlacann an bord.*

- tá tú i do bhainisteoir ar eagraíocht dheonach, a ndéanann an bord ar a bhfuil tú ag iarraidh bheith ceaptha breathnú ar na hiarratais mhaoinithe - *thiocfadh leis an ghrúpa lena n-oibríonn tú leas airgeadais a bhaint as na cinntí a ghlacann an bord.*

- má rinne tú ranníocaíocht nó má thug tú cistí suntasacha, san am a chuaigh thart, don pháirtí pholaitiúil a bhfuil an tAire ina b(h)all de - *d'fhéadfaí go n-amharcfaí ar do cheapachán mar luach saothair ar fhabhair a rinneadh san am a chuaigh thart*